Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

S76/15

Oideachas Reiligiúnach – Teastas Sóisearach
Leabhráin Dialainne le Scrúdú i 2016

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Mar is eol duit, tugadh isteach an siollabas nua san Oideachas Reiligiúnach ar bhonn céimnithe agus scrúdaíodh é den chéad uair i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2003.

Tugann an siollabas le fios go mbainfidh dhá ghné leis an measúnacht ar Oideachas Reiligiúnach –

- Páipéar scríofa cheann cúrsa agus
- obair dhialainne

Marcálfar an páipéar scríofa cheann cúrsa as 400 marc; marcálfar an obair dhialainne as 100 marc. Tugadh na teidil don obair dhialainne sa Teastas Sóisearach 2016 amach den chéad uair le ciorclán S93/14

Maidir leis na socruithe measúnachta gheobhaidh tú, faoi iamh, iad seo a leanas:

- Leabhrán Dialainne Oideachas Reiligiúnach an Teastais Shóisearaigh d'iarrthóirí atá ag déanamh an scrúdaithe san Oideachas Reiligiúnach i 2016 amháin

Ba chóir d'iarrthóirí cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach ar leathanach 2 den Dialann agus iad ag comhlánú a Leabhrán Dialainne

Dialanna obair chúrsa pro-forma á n-úsáid

Ní mór do gach iarrthóir Leabhrán Dialainne a chomhlánú i gcaitheamh na scoilbhliana reatha mar atá sonraithe i gCiorclán S93/14.Déanaigí cinnte de,le bhur dtoil,go mbeidh bhur ndóthain cóipeanna den leabhrán ag an scoil.Mura bhfuil,gabhaigí i dteagmháil le CSS láithreach.**Ní chuirfear amach a thuilleadh leabhrán tar éis 31 Nollaig 2015.** Más mian le hiarrthóirí dul i dtaithí ar na dialanna pro-forma a chomhlánú sula dtosaíonn siad ar an obair scrúdaithe, iarrtar orthu é seo a dhéanamh ar leaganacha fótachóipeálta de na dialanna pro-forma.
Tá leabhrán samplach ar fail ar an suíomh gréasáin againn agus is féidir é a chóipeáil anuas, **mar mhaithe le cleachtadh amháin.** Déan deimhin de nach mbainfear úsáid as le hobair a chur isteach chuig CSS nó measfar an obair a bheith neamhbhailí.Is féidir an leabhrán samplach a chóipeáil anuas ó rannóg na Oideachas Reiligiúnach ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie/Eolas faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticúil

Ní sheolfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach cóipeanna breise ar mhaithe le cleachtadh a dhéanamh ar dhialanna pro-forma a líonadh isteach.

Ní mór an obair dhialainne a chur isteach i bhfoirm chaighdeánach sa leabhrán a chuirtear ar fáil chun na críche sin ón gCoimisiún. Níor chóir do gach iarrthóir ach **Aon** dialann amháin a chur isteach.

An tábhacht a bhaineann lena dheimhniú gurb é obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá sa Leabhrán Dialainne

Obair scríofa indibhidiúil an iarrthóra féin amháin is cóir a bheith sa Leabhrán Dialainne. Glacfar le dialanna comhlánaithe le haghaidh measúnachta ar an mbonn gur dheimhnigh údaráis na scoile ar fhoirmeacha a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, gurb iad obair na n-iarrthóirí féin gan chúnamh iad. Ba chóir do mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí ar bhonn rialta. Ba chóir aird na n-iarrthóirí agus na múinteoirí go léir a dhíriú ar chiorclán S68/08 agus S69/04. **Bíodh a fhios agat, áfach, gurb é obair scríofa indibhidiúil an iarrthóra is cóir a bheith sa leabhar freagraí pro-forma.** Tugadh treoracha maidir leis an gceist seo cheana féin in imeacht chruinnithe agus oiliúint inseirbhíse.

Déanfar fiosrú iomlán i gcás aon eachtra ina bhfuil amhras faoi chóipeáil, cúnamh míchuí ó pháirtí eile, bradaíocht nó soláthar píosaí atá ullmhaithe ag páirtí eile. Ba chóir iarrthóirí a chur ar an eolas maidir leis na pionóis is féidir a ghearradh faoi na Riaileacha agus Clár do Mheánscoileanna, ar a bhfuil cailliúint an ábhair, cailliúint an scrúdaithe ar fad i ngach ábhar, nó a bheith toirmeasctha sna Scrúduithe Teistiméireachta sna blianta amach anseo.

Is féidir le hiarrthóirí ábhar a chur i láthair a eascraíonn as obair ghrúpa. Ní mór, áfach, i mír na dialainne **obair indibhidiúil an iarrthóra féin** a shonrú go soiléir. Ar **gach** iarrthóir sa ghrúpa atá an fhreagracht a dheimhniú go gcuirtear a c(h)uid oibre féin i láthair go soiléir.

Ba chóir na Leabhráin Dialainne a chomhlánú faoi **29, Aibréan 2016**. Lá an chomhlánaithe, ba chóir treoir a thabhairt do na hiarrthóirí a Leabhrán Dialainne féin a chur isteach i gclúdach iarrthóra, a chuirfidh an Coimisiún ar fáil. Ní mór don iarrthóir a (h)uimhir iarrthóra a chur ar chumhdach an chlúdaigh seo. Nuair atá an clúdach faoi shéala ba chóir don iarrthóir é a thabhairt ar láimh d'udaráis na scoile. Iarrtar ar scoileanna na clúdaigh ar fad a bhaineann leis na Leabhráin Dialainne a choinneáil ar láimh shábháilte go dtí lá an scrúdaithe scríofa.

Ba chóir d'iarrthóirí an Uimhir Scrúdaithe acu a chur isteach sna boscaí cuí. Seolfar clúdaigh a bhfuil dearadh ar leith orthu chun na scoileanna le himeacht aimsire.

Ag freagairt trí Ghaeilge

Bíodh a fhios agat, nach mbronnfar marcanna bónais ar bith ar aon obair chúrsa a chuirfear i gcrích trí Ghaeilge, mar is amhlaidh i gcás na scrúduithe eile ar fad a bhfuil comhpháirteanna iontu seachas an scrúdú scríofa foirmeálta.

Iarrtar ort an ciorclán seo a chur faoi bhráid na múinetoirí agus na mac léinn a mbaineann sé leo. Má tá ceist ar bith agat déan teagmháil le do thoil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 6442746/2750.

Philoméin Ní Mhaolmhichíl
Oifigeach Foirne,
Deireadh Fomhair,2015